


Cumann Mhicheál Breathnach

An bhliain seo chugainn, beidh peileadóirí Chumann Mhicheál Breathnach ag imirt i Roinn A na Gaillimhe den chéad uair ó bhain siad stádas sinsir amach sa bhliain 2004. Chríochnaigh siad ar bharr Roinn B na bliana seo (2007) agus trí phointe dhéag acu as ocht gcluiche, agus tá Cluiche Ceannais na Sraithe Roinn B fós le n-imirt, áit a gcasfaidh siad ar Chill Chiaráin / Cluain Beirn arís.



Rónan Ó Conghaile, (capt.) leis an gCorn Ceilteach

Ina gcuid cluichí sraithe, fuair siad an bua ar Gleann An Mhadaidh, Cill Chiaráin / Cluain Beirn, Béal Átha an Ghártha, Dún Mór, Cathair Lios Traín, chríochnaigh siad ar chomhscór le Mionlach agus chaill siad i gcoinne Chill Ainnín agus Bhaile Chláir. Is cuma céard a tharlódh anois, beidh dhá bhliain acu sa Roinn Sinsir agus is féidir leo díriú isteach ar an gComórtas Craoibhe gan aon dícháiliú a bheith ag bagairt orthu.

Os ag caint ar an gComórtas Craoibhe mé, shroich an fhoireann sinsir peile babhta Ceathrú Ceannais an Chontae den chéad uair riamh. Chaill siad sa chéad bhabhta i gcoinne Chartúin ach ina dhiaidh sin bhí sárbhua acu ar Chill Ainnín agus ar Ghleann an Mhadaidh, ach faraor tháinig deireadh lena n-aistear sa

chomórtas seo nuair a bhuaigh foireann Ollscoil na hÉireann, Gaillimh orthu sa chluiche Ceathrú Ceannais.

Rinne peileadóirí Sóisear A an chlub gaisce mhór freisin nuair a bhuaigh siad ar Ghleann Uisce i gCraobh an Chontae don mbliain 2006, (cluiche a himródh ag tús na bliana seo). De bharr a mbua sa chomórtas sin, bhí siad sa ghrád Idirmheánach i mbliana agus tá an stádas sin coinnithe acu don mbliain atá le teacht.

Bhí sárbhliain freisin ag peileadóirí Faoi-21 A an Chumainn. Thug siad leo Craobh an Iarthair tar éis athimirt iontach i gcoinne Bhóthar na Trá / Cnoc na Cathrach. Ní dhéanfar dearmad go brách ar chúl na bua a fuair Joe Ó Conaire sa chluiche sin.

Tá cluiche ceannais sraithe an Iarthair sroichte ag foireann mionúir peile an Chumainn agus níl an

comórtas sin thart go fóill. Is ábhar mórtais don gCumann freisin go raibh imreoir dár gcuid, Seán Denvir, ar phainéal mionúir peile an Chontae a bhuaigh Craobh na hÉireann i mbliana.

Tar éis cluichí na bliana, tá a stádas i Roinn Sóisear B an chontae coinnithe ag iománaithe an Chumainn. Shroich an fhoireann mionúir Craobhchluiche Sraithe na Cathrach A ach fuair an Caisleán Gearr an ceann is fearr orthu.

Agus ar an dara Domhnach de mhí an Mheithimh, i mBaile Oban na hAlban, thug foireann iomána Mhicheál Breathnach leo an Corn Ceilteach tar éis bua iontach a fháil ar fhoireann Camánaíochta de rogha oileáin na hAlban. Ócáid fíorstairiúil a bhí ann dúinne agus bhain chuile dhuine an-spórt agus taitneamh as, agus nach sinn a bhí bródúil ag breathnú ar chlár na scór ag deireadh an chluiche; ÉIRE 3-3 ALBA 2-1!

Seán Bán Breathnach



**Foireann Iománaíochta Mícheál Breathnach
a bhuaigh an Corn Ceilteach 2007**

Ar chúl, ó chlé: Tomás Ó Ceallaigh, Máirtín Bán Breathnach, Cárthach Bán Breathnach, Mícheál Ó Súilleabháin, Réamonn Ó Maoildhia, Ciarán Ó Griallais, Jeaic Mac Giolla Bhríde, Aodán Mac Cormaic, Pádraic Seán Ó Tuairisg, Shane Ó Meara, Darach Mac Con Iomaire, Marcus Ó Cualáin, Andy Bleasdale, Seán Bán Breathnach.

Chun tosaigh, ó chlé: Diarmuid Ó Ceallaigh, Séamas Ó Fátharta, Antaine Ó Feinneadha, Tomás Ó Riada, Pádraic Mac Giolla Bhríde, Ruairí Mac Con Iomaire, Ruaidhrí Ó Béarra, Enda Ó Tuathail, Rónan Ó Conghaile.